



**An Roinn Oideachais
agus Scileanna**
Department of
Education and Skills

Ciorclán 0020/2019

DO BHOIRD BHAINISTÍOCHTA, PHRÍOMHOIDÍ AGUS D'FHOIREANN TEAGAISC NA mBUNSCOILEANNA

Tréimhse Scaoilte do Phríomh-Mhúinteoirí i mBunscoileanna

1. Réamhrá

Is é is cuspóir don chiorclán seo líon na laethanta a leagan amach a fhéadfaidh príomhoidí teagaisc a ghlacadh mar thréimhse scaoilte i mbliain scoile ag tosú sa scoilbhliain 2019/20.

Tagann an ciorclán seo in ionad Chiorclán 0040/2018 i ndáil leis an líon laethanta a fhéadfaidh príomhoidí teagaisc a ghlacadh mar am scaoilte i scoilbhliain. Mar sin féin, tá téarmaí Chiorclán 14/01 "Tréimhse Scaoilte do Phríomhoidí i mBunscoileanna" (seachas Mír 2.1) fós i bhfeidhm.

2. Am Scaoilte do Phríomhoidí Teagaisc i mBunscoileanna

Méid na Scoile *	Líon laethanta mar thréimhse scaoilte
Príomhoide + 5 / 6	30
Príomhoide + 3 / 4	24
Príomhoide + 0 / 1 / 2	18
Scoileanna le ranganna speisialta (beag beann ar mhéid na scoile nó líon na ranganna speisialta)	4 lá breise

* Faoi théarmaí an chiorcláin seo, tagraíonn méid na scoile do phríomhoidí teagaisc, do phoist ranga príomhshrutha, lena n-áirítear poist scoile atá ag forbairt agus poist achomhairc príomhshrutha agus eisiatar poist ex-cuóta e.g. Poist Múinteoireachta Oideachais Speisialta, Poist Aicme Speisialta, Poist Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail, etc.

3. Poist chun am scaoilte a éascú do Phríomhoidí (Poist Tréimhse Scaoilte Príomhoide)

Mar gheall ar an méadú ar laethanta scaoilte do phríomhoidí, scoirfidh gach braisle Lá Scaoilte atá i bhfeidhm ag deireadh na scoilbhliana 2018/19. Beidh an deis ag scoileanna anois a laethanta scaoilte do Phríomhoidí a bhraisliú ina bpoist lánaimseartha Ama Scaoilte do Phríomhoide

Is féidir le scoileanna a gcuid laethanta um scaoileadh príomhoide a chur le chéile i mbraislí ionas gur féidir post seasta lánaimseartha a chruthú chun laethanta scaoilte príomhoide gach scoile a chlúdach don scoilbhliain 2019/20.

Mar chuid den phróiseas braisle, ba chóir do scoileanna tráthchlár a aontú don mhúinteoir.

Is poist téarma seasta iad Poist Tréimhse Scaoilte Phríomhoide agus ba chóir iad a líonadh i gcomhréir leis na socruithe athfhostaíochta foilsithe agus féadfar nach líonfar iad go dtí go molann an Roinn nach bhfuil na poist sin riachtanach do mhúinteoirí atá ar an bPríomhphainéal.

Ní mór scoil amháin sa bhraisle a ainmniú mar scoil bhunúsach. Is í an scoil seo an scoil atá ag fostú an mhúinteora atá sa phost. Ní bheidh an post sa chuntas chun liúntas méadaithe a íoc leis an bPríomhoide nó chun post Príomhoide Riaracháin a chruthú nó chun Poist Freagrachta breise a chruthú.

Ní mór go mbeadh 175 lá ar a laghad ag gach braisle. Caithfidh Poist Tréimhse Scaoilte Phríomhoide le teidlíocht chomhcheangailte de níos lú ná 183 lá sa bhraisle laethanta athsholáthair a úsáid chun a áirithiú go mbainfidh an múinteoir atá fostaithe sa phost braisle 183 lá oibre amach sa scoilbhliain.

Féadfaidh Poist Tréimhse Scaoilte Phríomhoide le comhtheidlíocht de níos mó ná 183 lá sa bhraisle gnáthionadú a úsáid chun líon na laethanta os a chionn sin a chlúdach.

Éilítear ar Phríomhoidí Rannpháirteacha gach neamhláithreacht ama scaoilte a chlárú ar an gCóras Éileamh Ar Líne (CÉAL) do laethanta atá clúdaithe ag an múinteoir Tréimhse Scaoilte Phríomhoide. Éilítear ar phríomhoidí na scoileanna i ngach braisle patrún a neamhláithreachtaí ar am scaoilte a phleanáil, a chomhordú agus a dhoiciméadú ar bhonn foirmiúil.

Mar phost comhroinnte, féadfaidh múinteoirí i bPost Tréimhse Scaoilte Phríomhoide costais taistil a éileamh.

Tá an fhoirm iarratais do Phoist Tréimhse Scaoilte Phríomhoide ceangailte ag larscríbhinn A. Is é an 30ú Meitheamh 2019 an dáta deiridh le haghaidh iarratais a fháil.